# Eolaire na Lárionad Gaeilge

## Na Lárionaid GHAEILGE

larionaid@cnag.ie


Gréasán ionad
do phobal na Gaeilge:
imeachtaí, seirbhísí agus tacaíocht

**PEIG.ie/Larionaid**

Conradh na Gaeilge

Foras na Gaeilge

# Cá bhfuil na lárionaid lonnaithe?




Tuilleadh eolais faoi gach lárionad
ar fáil ar

# PEIG.ie/lárionaid

Na Lárionaid
GHAEILGE

Tá sé mar sprioc ag gréasán na lárionad Gaeilge poiblíocht a dhéanamh ar son na lárionad faoi bhranda amháin agus níos mó comhoibrithe a chothú eatarthu.

## Cén t-eolas atá sa leabhrán seo?

Gheobhaidh tú eolas ginearálta faoin 37 lárionad atá páirteach i ngréasán na lárionad, ar nós:

- Ainm agus seoladh na n-ionad
- Cúlra na n-ionad
- Uaireanta oscailte
- Na seirbhísí atá ar fáil sna hionaid
- Naisc chuig meáin shóisialta na n-ionad
- Sonraí teagmhála

## Clár


**Cúige Chonnacht**
Áras na nGael, Gaillimh 4
Teach na Gaeilge, Conradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn, Gaillimh 5
Ionad Teanga na Seanscoile, Maigh Eo 6
**Cúige Laighean**
Áras Chrónáin, Baile Átha Cliath 7
Uimhir 6, Conradh na Gaeilge, Baile Átha Cliath 8
Áras Pobail Ráth Chairn, An Mhí 9
Áras Chonradh na Gaeilge, Dún Dealgan 10
**Cúige Mumhan**
Comharchumann Forbartha Mhúscraí, Corcaigh 11
Gael-Taca, Corcaigh 12
Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh Teo., Ciarraí 13
Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh, Ciarraí 14
Oifig An Clár as Gaeilge, An Clár 15
Halla Íde, Luimneach 16
Dún Mhuire, Tiobraid Árann 17
Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne 18
**Cúige Uladh**
Áras Mhic Reachtain, Aontroim 19
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Aontroim 20
Cumann Chluain Árd, Aontroim 21
An Droichead, Aontroim 22
Gael-Ionad Mhic Goill, Aontroim 23
Ionad Uíbh Eachach, Aontroim 24
Raidió Fáilte, Aontroim 25
Ionad na Fuiseoige, Aontroim 26
Ionad Teaghlaigh Ghleann Darach, Aontroim 27
Aonach Mhacha, Ard Mhacha 28
An Carn, Doire 29
Cultúrlann Uí Chanáin, Doire 30
Gaeláras Mhic Ardghail, An Dún 31
Páirc na Mara, An Dún 32
Áislann Chill Chartha, Dún na nGall 33
Áislann Rann na Feirste, Dún na nGall 34
An Chrannóg, Dún na nGall 35
Craoibhín, Dún na nGall 36
Ionad Naomh Pádraig, Dún na nGall 37
Oideas Gael, Dún na nGall 38
An tSean Bheairic, Dún na nGall 39
Ionad an Chrois Bhealaigh, Árainn Mhór, Dún na nGall 40
Céim Aniar, Na Dúnaibh, Dún na nGall 41



Tar i dteagmháil linn ag larionaid@cnag.ie nó +353 (0)1 475 7401 le lárionad a chlárú.

Na Lárionaid GHAEILGE




# Áras na nGael

## Gaillimh

CÚLRA:

Is lárionad Gaeilge agus cultúir é Áras na nGael atá suite ag 45 Sráid Doiminic, Gaillimh. Bíonn ranganna Gaeilge, sean-nós, ceoil agus eile ar fáil san Áras chomh maith le himeachtaí sóisialta do phobal na Gaeilge a bhíonn istigh i gClub Áras na nGael.

Feidhmíonn Conradh na Gaeilge ó Áras na nGael agus tá dlúthnasc ag craobhacha na Gaillimhe leis an Áras.



Áras na nGael
45 Sráid Doiminic, Co. na Gaillimhe.

TEAGMHÁIL:

Uimhir fóin: +353 91 567824
Suíomh: arasnangael.ie
Ríomhphost: gaillimh@cnag.ie

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan go hAoine, 9:00r.n. - 5:00i.n.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Seisiúin Cheoil
- Ciorcail Chomhrá
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Beár
- Spás Taispeántais
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa

Na Lárionaid
GHAEILGE



# Teach na Gaeilge, Conradh na Gaeilge
## Maigh Cuilinn

CÚLRA:
Tá Teach na Gaeilge ina lárionad Gaeilge do phobal Mhaigh Cuilinn. Osclaíodh an tIonad sa bhliain 2011 nuair a tháinig baill agus cairde Chraobh Mhaigh Cuilinn de Chonradh na Gaeilge le chéile agus thóg siad an t-ionad trí obair dheonach agus gan maoiniú stáit.

Cuireann Teach na Gaeilge ranganna Gaeilge, ciorcail chomhrá, grúpaí tuismitheoirí agus leanaí, clubanna Ógras, Ionad Techspace, campaí samhraidh agus go leor eile ar fáil chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar.



Teach na Gaeilge,
Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe.

TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: +353 (0)91 555626
Ríomhphost: peadar@cnag.ie

UAIREANTA OSCAILTE:
Luan go hAoine, 9:30r.n. - 5:00i.n.
Satharn, 9:30r.n. - 12:00i.n.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Ciorcail Chomhrá
- Clubanna Óige
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Teach na Gaeilge

Na Lárionaid GHAEILGE



# Ionad Teanga na Seanscoile

## Maigh Eo

**CÚLRA:**

Tá Comhar Dún Chaocháin Teo i bhfeighil ar Ionad Teanga na Seanscoile i gCeathrú Thaidhg. Bunaíodh an comharchumann i 1995, agus tá chur chun cinn na teanga sa cheantar mar sprioc ag an gComharchumann ó thús.

Cuirtear réimse leathan de sheirbhísí ar fáil, ó champaí samhraidh go naíonraí, cúrsaí Gaeilge, ciorcail chomhrá, ranganna ceoil agus damhsa. Tá siopa earraí Gaeilge agus spás taispeántais ar fáil san ionad chomh maith.



Ionad Teanga na Seanscoile,
An tSeanscoil, Ceathrú Thaidhg,
Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.

**TEAGMHÁIL:**

Uimhir fóin: +353 (0)97 88082,
Suíomh: www.cillchomain.com
Ríomhphost: dunchaochain1@eircom.net

**UAIREANTA OSCAILTE:**

Luan go hAoine, 9:00r.n. - 5:00i.n.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Spás Taispeántais
- Ciorcail Chomhrá
- Clubanna Óige
- Seirbhísí bunscolaíochta
- Siopa Earraí Gaeilge
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Turais Threoraithe

Na Lárionaid
GHAEILGE



# Áras Chrónáin, Ionad Cultúir
## Baile Átha Cliath

**CÚLRA:**
Is é Áras Chrónáin, Ionad Cultúir lárionad Mhuintir Chrónáin. Is áit shainiúil í ina mbaineann idir óg agus aosta ó gach aicme spraoi ´s taitneamh as cultúr beo na tíre. Tá stiúideo taifeadta, amharclann agus beár san ionad. Bíonn ranganna oíche don Ghaeilge agus don cheol ar siúl ó Mheán Fómhair go Meitheamh. Tá Áras Chrónáin ar fáil ar cíos do chruinnithe, chomhdhálacha, sheoltaí, chúrsaí oiliúna, imeachtaí príobháideacha, chóisirí, bhainiseacha agus eile.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)1-4574847
Suíomh: www.araschronain.ie
Ríomhphost: eolas@araschronain.ie

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Luan go hAoine: 9:00rn - 5:00in
Déardaoin, Sathairn, Domhnach: 8:00rn - 12:00in



Áras Chrónáin, Ionad Cultúir,
Lána an Uisce, Bóthar an Úlloird,
Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.
D22X856

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Amharclann
- Seisiúin Cheoil
- Ciorcail Chomhrá
- Caifé
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa
- Seomraí ar cíos
- Beár
- Spás Taispeántais
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Clubanna Óige
- Turais Threoraithe
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Na Lárionaid
GHAEILGE




# Uimhir 6, Conradh na Gaeilge
## Baile Átha Cliath

**CÚLRA:**
Tógadh an teach sna 1790í, 's bhí baint ag cuid de na daoine is tábhachtaí i stair na hÉireann leis thar na blianta, amhail Cairdinéal John Newman agus Mícheál Ó Coileáin. Anois, tá Ard-Oifig Chonradh na Gaeilge lonnaithe san ionad, chomh maith le hoifigí Oireachtas na Gaeilge agus Ógras.

Tá réimse leathan de sheirbhísí ar fáil san ionad: An Siopa Leabhar, Club Chonradh na Gaeilge, ranganna Gaeilge, stiúideo Raidió Rí-Rá agus go leor eile.



Uimhir 6, Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)1 4757401
Suíomh: www.cnag.ie
Ríomhphost: eolas@cnag.ie

**UAIREANTA OSCAILTE:**

| | |
|---|---|
| Oifig: | Luan go hAoine, 9:30r.n. - 5:30i.n. |
| Siopa: | Luan go hAoine, 9:30r.n. - 5:30i.n. |
| | Satharn, 10:00r.n. - 4:00i.n. |

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Seomraí Cruinnithe
- Ciorcail Chomhrá
- Ranganna do dhaoine fásta
- Beár
- Siopa Earraí Gaeilge
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Turais Threoraithe

Na Lárionaid
GHAEILGE




# Áras Pobail Ráth Chairn

## An Mhí

**CÚLRA:**
Is ceanncheathrú de Chomharchumann Ráth Chairn é Áras Pobail Ráth Chairn. Eagraítear imeachtaí sóisialta, seisiúin cheoil, Siamsóir na Mí, Éigse Dharach Uí Chatháin, Féile na Mí agus tacaíonn muid le Féile na Gealaí agus cumainn eile.
Eagraítear ranganna Gaeilge do dhaltaí bunscoile, meánscoile, mic léinn ollscoile agus ranganna oíche agus deireadh seachtaine do dhaoine fásta chomh maith le campaí samhraidh do ghasúir áitiúla agus cúrsaí Gaeilge samhraidh do dhaltaí bunscoile agus meánscoile.



Áras Pobail Ráth Chairn,
Ráth Chairn, Áth Buí, Co. na Mí.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)46-9432381
Suíomh: www.rathchairn.com
Ríomhphost: rathcairn@eircom.net

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Oifig: Luan go hAoine, 10:00r.n. - 5:00i.n.
An Bradán Feasa: Aoine go Luan, 8:30i.n.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Spás Taispeántais
- Ciorcail Chomhrá
- Beár
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa
- Siopa Earraí Gaeilge
- Turais Threoraithe
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Clubanna Óige
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Na Lárionaid
GHAEILGE



# Áras Chonradh na Gaeilge

## An Lú

CÚLRA:
Bunaíodh Craobh Dhún Dealgan sa bhliain 1899 agus ceannaíodh Áras an Chonartha ag 5 Plás na Trá, Dún Dealgan sa bhliain 1919. Críochnaíodh athchóiriú iomlán ar an áras sa bhliain 1999 agus tá foirgneamh breá nua-aimseartha ann anois. Tá ceithre urlár san fhoirgneamh le seacht seomra cruinnithe ann.

Eagraítear ranganna comhrá Gaeilge do dhaoine fásta agus do dhaltaí meánscoile. Bíonn ranngana rince ar an sean nós ar siúl ann fosta.

TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: +353 872058175
Ríomhphost: cnagdundealgan@gmail.com

UAIREANTA OSCAILTE:
Nuair a bhíonn imeachtaí ar siúl



Áras Chonradh na Gaeilge,
5 Plás na Trá, Dún Dealgan,
Co. Lú

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Spás Taispeántais
- Spás Oifige
- Ciorcail Chomhrá
- Ranganna do dhaoine fásta
- Seomraí Cruinnithe

Conradh na Gaeilge Dún Deaglan

Na Lárionaid
GHAEILGE




# Comharchumann Forbartha Mhúscraí
## Corcaigh

**CÚLRA:**
Bunaíodh Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teoranta sa bhliain 2008 agus táthar ag feidhmiú go gníomhach chun leasa an phobail áitiúil i nGaeltacht Mhúscraí ó shin i leith. Tá sé mar phríomhaidhm ag an gComharchumann seirbhís forbartha pobail a sholáthar don phobal trí chéile chun leasa an cheantair áitiúil, le buanú agus caomhnú na Gaeilge, agus cur chun cinn an traidisiúin i gcroílár a chuid oibre. Tugtar cúnamh agus tacaíocht i dtaobh na Gaeilge ach go háirithe, ach chomh maith leis sin tugtar cúnamh i dtaobh eolais agus rochtain ar fhoinsí maoinithe, cúrsaí oiliúna, cúnamh le foirmeacha iarratais, bolscaireacht, srl.



Comharchumann Forbartha Mhúscraí,
5 Cois Cille, Cill na Martra, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)26 40877
Suíomh: www.muscrai.org
Ríomhphost: eolas@muscrai.org

**UAIREANTA OSCAILTE**
Luan go hAoine, 9:30r.n. - 5:30i.n.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Ciorcail Chomhrá
- Spás Oifige
- Tacaíocht Riaracháin
- Soláthar Cúrsaí/Traenála



Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo.

@CFM_Teoranta

Na Lárionaid
GHAEILGE

# Gael-Taca
## Corcaigh




CÚLRA:
Bunaíodh Gael-Taca i 1987 agus osclaíodh an tIonad i lár chathair Chorcaí i 2011. Is eagraíocht neamhspleách neamhpholaitiúil iad a bhfuil sé mar sprioc acu an Ghaeilge a neartú i gCorcaigh agus i gCúige Mumhan. In Ionad Ghael-Taca, cuirtear lear mór seirbhísí ar fáil don phobal, ina measc ranganna Gaeilge, maidineacha teaghlaigh, ióga, agus ciorcail chomhrá. Anuas air sin, tá siopa leabhar agus caifé atá ar oscailt don phobal.

TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: 021 431 0841
Suíomh: www.gael-taca.com
Ríomhphost: eolas@gael-taca.com

UAIREANTA OSCAILTE:
Luan go hAoine, 9:30r.n. - 5:30i.n.
Satharn, 10:00r.n. - 4:00i.n.



Gael-Taca,
22 Port Uí,
Shúilleabháin, Corcaigh.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Ranganna Ceoil agus Amhránaíochta
- Seirbhísí Bunscoilíochta
- Ciorcail Chomhrá
- Clubanna Óige
- Seirbhísí Meánscoilíochta
- Siopa Earraí Gaeilge
- Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta
- Spás Taispeántais
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí

Na Lárionaid
GHAEILGE




# Halla Le Chéile

## Ciarraí

CÚLRA

Bunaíodh Comharchumann Forbartha an Leith Triúigh Teo i 1973. Is eagraíocht forbartha í do cheantar Bhréanainn, An Clocháin agus An Bhaile Dubh, le coiste deonach agus bainisteoir lán-aimseartha.

Halla le Chéile an t-ainm atá ar lárionad pobail an Chomharchumainn, áit ina gcuirtear réimse leathan de sheirbhísí ar fáil don phobal, ar nós ranganna Gaeilge, grúpaí tuistí agus leanaí agus seisiúin cheoil.

TEAGMHÁIL:

Uimhir fóin: +353 (0)66 7138137
Suíomh: www.cflt.ie
Ríomhphoist: eolas@cflt.ie

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan go hAoine, 9:00r.n. - 5:00i.n.



Halla Le Chéile,
Bréanainn, Trá Lí, Co Chiarraí.
V92DK4C.

SEIRBHÍSÍ:

| | | |
|---|---|---|
| Ranganna Gaeilge | Seisiúin Cheoil | Clubanna Óige |
| Grúpaí Tuistí agus Leanaí | Campaí Samhraidh do Pháistí | Caifé/ Bialann |



Comharchumann Forbartha an Leith-Triúigh

@hallalecheile

Na Lárionaid
GHAEILGE




# Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh

## Ciarraí

CÚLRA:
Bunaíodh Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh i 1998 mar scáthghrúpa do na coistí forbartha pobail Gaeltachta in Uíbh Ráthach i ndeisceart Chiarraí. Tá a n-ionad lonnaithe i gCeann Eich, lámh leis an gCoireán. An sprioc atá acu ná an Ghaeilge agus an pobal Gaeltachta a fhorbairt in Uíbh Ráthach agus Solathar seirbhisí riachtanacha don Phobal a chur ar fáil. Bíonn ranganna Gaeilge, cúrsaí teaghlaigh agus go leor eile ar siúl san ionad.

TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: +353 (0)66 9474888
Suíomh: www.uibhrathach.ie
Ríomhphost: ccnfteo@indigo.ie

UAIREANTA OSCAILTE:
Luan go hAoine, 9:00r.n. - 5:00i.n.



Comhchoiste Ghaeltacht
Uíbh Ráthaigh,
Ceann Eich,
Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Spás Taispeántais
- Seomraí Cruinnithe
- Ciorcail Chomhrá
- Campaí Samhraidh do Pháistí



Cáirde Uíbh Ráthaigh

@ComhchoisteUR

Na Lárionaid GHAEILGE




# Oifig An Clár as Gaeilge

## An Clár

**CÚLRA:**
Bunaíodh An Clár as Gaeilge Teo. i 2002 agus tá an-chuid oibre déanta mar chuid den togra seo ó shin i gcur chun cinn na Gaeilge in Inis agus sa chontae trí chéile.

Is togra pobalbhunaithe é atá á chur i bhfeidhm ag Craobh na hInse, Conradh na Gaeilge, a bunaíodh i 1913. Bhog an grúpa isteach in ionad nua ag tús 2017 i lár bhaile na hInse, áit ina bhfuil siopa earraí Gaeilge, ranganna, ciorcail chomhrá agus go leor eile ar fáil.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)65 6864474
Ríomhphost: anclarasgaeilge@gmail.com
Suíomh: www.anclarasgaeilge.net

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Luan go hAoine, 9:30r.n. - 5:00i.n.



Oifig An Clár as Gaeilge,
2 Clós na Bearaice,
Sráid na Beairice, Inis,
Co. an Chláir.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Spás Taispeántais
- Ciorcail Chomhrá
- Spás Oifige
- Siopa Earraí Gaeilge
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Na Lárionaid GHAEILGE




# Halla Íde
## Luimneach

**CÚLRA:**
Tá lárionad ag Conradh na Gaeilge i Luimneach agus é suite i lár na cathrach ag Halla Íde, 18 Sráid Thomáis.

Tá Naíonra Ríocht na Sí ann chomh maith le hoifig eolais, siopa leabhar agus "An Chistin" ina mbíonn ceol, drámaí agus ócáidí cultúrtha eile ar siúl. Baintear úsáid as seomraí eile i Halla Íde do nna agus mar oifigí.

Tá cupán tae nó caife ar fáil sa siopa leabhar nó san oifig eolais agus cuirtear fáilte is fiche roimh chuairteoirí.



Halla Íde,
18 Sráid Thomais,
Cathair Luimnigh, Co. Luimnigh.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)61 417895
Suíomh: cnagluimneach.wordpress.com
Ríomhphost: conradhluimnigh@gmail.com

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Luan go Satharn, 9:00r.n. - 5:00i.n

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Spás Taispeántais
- Ciorcail Chomhrá
- Naíonra
- Spás Oifige
- Siopa Leabhar Gaeilge
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Conradh na Gaeilge, Luimneach

Na Lárionaid
GHAEILGE



# Dún Mhuire, Conradh na Gaeilge
## Tiobraid Árann

**CÚLRA:**
Is lárionad Gaeilge de chuid Chonradh na Gaeilge é Dún Mhuire san Aonach i gCo. Thiobraid Árann. Is cosúil go raibh craobh den Chonradh san Aonach chomh fada siar le 1901.

Tá sé mar aidhm ag an ionad cúrsaí Gaeilge a fhorbairt agus a láidriú tríd an gcontae ar fad. Tá Oifigeach Forbartha Gaeilge lán-aimseartha fostaithe ag an ionad. Tá siopa earraí Gaeilge, amharclann, naíonra agus go leor eile ar fáil san ionad.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)67 41570
Suíomh: www.cnagantaonach.ie
Ríomhphost: cnagantaonach@gmail.com

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Oifig: Luan go hAoine, 9:30r.n. - 5:00i.n.
Siopa: Luan go hAoine, 9:30r.n. - 5:00i.n.



Dún Mhuire,
Sr. an Phiarsaigh,
An tAonach, Co. Thiobraid Árann

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Spás Taispeántais
- Ciorcail Chomhrá
- Clubanna Óige
- Amharclann
- Siopa Earraí Gaeilge
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Conradh na Gaeilge, an tAonach

@CnaG_An_tAonach

Na Lárionaid GHAEILGE



# Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne

Ciarraí

## CÚLRA

Bunaíodh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne sa bhliain 1967 chun saol sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha an cheantair a chur chun cinn.
Is iad na Cúrsaí Gaeilge do dhaltaí na príomhimeachtaí a bhíonn ar siúl againn anois.

Bunaíodh Oidhreacht Chorca Dhuibhne i 1980 mar fho-chomhlacht den Chomarchumann. Eagraíonn an Oidhreacht imeachtaí cultúrtha éagsúla agus 'Cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta'.

## TEAGMHÁIL:

Uimhir fóin: +353 (0)66 9156100
Suíomh: www.cfcd.ie
Ríomhphoist: cfcd@cfcd.ie

## UAIREANTA OSCAILTE:

Luan go hAoine: 9:00rn - 5:00in



**Comharchumann Fobartha Chorca Duibhne,**
Áras Bhréanainn,
Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Ranganna Ceoil & Amhránaíochta
- Spás Oifige
- Ciorcail Chomhrá
- Spás Taispeántais
- Seirbhísí Réamhscolaíochta & Bunscolaochta
- Seomraí Cruinnithe
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí

Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne

Na Lárionaid
GHAEILGE




# Áras Mhic Reachtain
## Aontroim

CÚLRA:
Is cumann carthanachta Gaelach é Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain a bunaíodh i 2000. Cuirtear an teanga chun cinn trí mheán an oideachais, an chultúir agus na healaíne.

Cuirtear idir cheolchoirmeacha, léachtaí, sheoltaí leabhair, ranganna agus cheardlanna ar siúl - agus iad uilig trí mheán na Gaeilge. Bhog an Cumann isteach in Áras Mhic Reachtain i 2015.

TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: +44 (0)28 90749688
Suíomh: www.mhicreachtain.com
Ríomhphost: eolas@mhicreachtain.com

UAIREANTA OSCAILTE:
Luan go hAoine, 9:00r.n. - 5:00i.n.



Áras Mhic Reachtain,
283-289 Bóthar Aontroma,
Béal Feirste, Co. Aontroma.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Spás Taispeántais
- Ciorcail Chomhrá
- Clubanna Óige
- Amharclann
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Na Lárionaid GHAEILGE



# Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

## Aontroim

CÚLRA:

Bunaíodh Cultúrlann McAdam Ó Fiaich i 1991 agus fuair sí a hainm ó Robert Shipboy McAdam (duine de na Preispitéirigh a chuir suim sa Ghaeilge i gCúige Uladh san ochtú agus sa naoú haois déag) agus ó Thomás Ó Fiaich (Ard-Easpag ar Dheoise Ard Mhacha agus scoláire Gaeilge). Tá sé mar sprioc ag An Chultúrlann cultúr na nGael a fhorbairt agus a chur i lár an aonaigh. Ba mhaith leo an Ghaeilge a spreagadh tríd na healaíona, agus anuas ar sin, na healaíona a chur chun cinn tríd an nGaeilge.



Cultúrlann McAdam Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFal,
Béal Feirste, Co. Aontroma.

TEAGMHÁIL:

Uimhir fóin: +44 (0)2890964180
Suíomh: www.culturlann.ie
Ríomhphost: oifigfailte@culturlann.ie

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan go Déardaoin, 9:00r.n. - 6:00i.n.
Aoine agus Sathairn, 9:00r.n. - 9i.n.
Domhnach, 11:00r.n. - 4:00i.n.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Ciorcail Chomhrá
- Siopa Earraí Gaeilge
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Spás Taispeántais
- Turais Threoraithe
- Seomraí Cruinnithe
- Seisiúin Cheoil
- Ranganna Ceoil agus Amhránaíochta
- Clubanna Óige
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí
- Beár
- Spás Oifige
- Seirbhísí Réamhscoilíochta
- Seirbhísí Réamhscoilochta
- Seirbhísí Meánscoilíochta
- Ranganna do dhaoine fásta
- Amharclann
- Caifé/Bialann

Na Lárionaid GHAEILGE




# Cumann Chluain Árd

## Aontroim

Ba sa bhliain 1936 a bunaíodh Cumann Chluain Ard ar Bhóthar na bhFál in iarthar Bhéál Feirste. An cuspóir a bhí ag na baill bhunaidh ná áit a chruthú le go mbeadh deis ag daoine Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt. D'aimsigh siad foirgneamh ar Shráid na Sceiche, agus tá siad ann ó shin. I mí na Samhna 2016, d'oscail siad ionad úrnua ar an láthair chéanna, ina bhfuil ranganna Gaeilge, club sóisialta agus amharclann ar fáil



Cumann Chluain Árd,
27-43 Sráid Hawthorn,
Béal Feirste, Co. Aontroma.

TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: +44 7955054024
Suíomh:
www.liofa.eu/learning-irish/organisations/cumann-chluain-ard
Ríomhphoist: cumannchluainard@gmail.com

UAIREANTA OSCAILTE:
Luan, Céadaoin, Déardaoin, Aoine: 9:00r.n. - 11:00i.n.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Clubanna Óige
- Seisiúin Cheoil
- Ciorcail Chomhrá
- Amharclann
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Na Lárionaid
GHAEILGE




# An Droichead
## Aontroim

**CÚLRA:**
Thosaigh An Droichead amach mar Naíonra an Droichid i 1992 sular bunaíodh Scoil an Droichid i 1996. I 2001, d'éirigh leis an scoil aitheantas oifigiúil a fháil ón Roinn Oideachais agus thosaigh siad ag feidhmiú go neamhspleách. Thug sé seo deis d'An Droichead díriú isteach ar athbheochan na Gaeilge i mórcheantar Bhéal Feirste Thoir agus Theas, agus tógadh an lárionad sa bhliain chéanna. Tá siad ag cur an Ghaeilge chun cinn sa cheantar ó shin trí oideachas, ealaín, seirbhísí teaghlaigh agus pobail agus obair fhor-rochtana.



An Droichead, 20 Sráid Chúic,
Béal Feirste, Co. Aontroma.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +44 (28) 90288818
Suíomh: www.androichead.com
Ríomhphost: fionnuala@androichead.com

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Luan go hAoine, 7:30r.n. - 9:00i.n.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Spás Taispeántais
- Ciorcail Chomhrá
- Beár
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus/nó Damhsa
- Siopa Earraí Gaeilge
- Turais Threoraithe
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Clubanna Óige
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Gaelphobal An Droichead



@an_droichead

Na Lárionaid
GHAEILGE




# Gael-Ionad Mhic Goill

## Aontroim

CÚLRA:

Is toradh de dhá bhliain déag oibre san Uachtar Cluanaí é Gael-Ionad Mhic Goill, áit a bhfuil Glór na Móna ag déanamh obair phobail agus óige trí mheán na Gaeilge ón mbun aníos.

Ainmníodh an Gael-Ionad in ómós de Sheán Mac Goill, gníomhaí teanga ón gCarraig Bhán, a rinne obair dhícheallach san Uachtar Cluanaí sna 1960í agus 1970í, ó thaobh forbairt agus athghiniúint phobail de. Is é sin a thugann an spreagadh d'obair Ghlór na Móna sa lá inniu.

TEAGMHÁIL:

Uimhir fóin: +44 (28) 90 234442
Ríomhphost: oifig@glornamona.com
Suíomh: www.glornamona.com

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan go hAoine, 9:00r.n. - 10:00i.n.



Gaelionad Mhic Goill,
4 Clós na Carraige Báine,
Béal Feirste, Co. Aontroma.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Spás Oifigí
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Ciorcail Chomhrá
- Club Óige
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Seomraí Cruinnithe
- Turais Threoraithe
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa
- Seirbhísí Réamhscolaíochta
- Seirbhísí bunscolaíochta
- Seirbhísí meánscolaíochta

Na Lárionaid GHAEILGE



# Ionad Uíbh Eachach

## Aontroim

**CÚLRA:**

Is ionad teaghlaigh Gaeilge é Ionad Uíbh Eachach suite i gceantar na bhFál i mBéal Feirste. Bunaíodh é i 1990 i seanionad pobail Uíbh Eachach agus tá fás tar éis teacht ar réimse na seirbhísí atá ar fáil ann ó shin. Cuirtear an tIonad Cúram lae Gaeilge ar fáil do pháistí, cumann iarscoile Gaeilge, ranganna Gaeilge, seirbhísí do thuismitheoirí .i. Cúrsaí tuismitheoireachta, Tachráin agus Tuistí, Grúpa tacaíochta, Fan le Súgradh chomh maith le cúrsaí dírithe ar an óige. Ar bharr sin, d'oscail Ionad Uíbh Eachach aonad nua cúram lae Gaeilge i Mí Lúnasa 2017.

**TEAGMHÁIL:**

Uimhir fóin: +44 (28)90329180
Suíomh: www.ionad.eu
Ríomhphost: sue@ionad.eu

**UAIREANTA OSCAILTE:**

Luan go Déardaoin, 8:00r.n. - 9:00i.n.
Aoine, 8:00r.n. - 6:00i.n.



Ionad Uíbh Eachach,
34a Iveagh Crescent,
Béal Feirste, Co. Aontroma.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Clubanna Óige
- Cúram Lae Gaeilge
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Turais Threoraithe
- Seirbhísí Iarscoile
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Ionad Uíbh Eachach Cultúr & Teanga

Na Lárionaid
GHAEILGE



# Raidió Fáilte
## Aontroim

**CÚLRA:**
Is stáisiún pobail é Raidió Fáilte107.1fm atá lonnaithe i mBéal Feirste. Bíonn sé ag craoladh 24 uair a chloig in aghaidh an lae i gceantar Bhéal Feirste ag minicíocht 107.1fm agus go domhanda ag www.raidiofailte.com.

Fuair Raidió Fáilte ceadúnas le bheith ag craoladh go hoifigiúil Meán Fomhair na bliana 2006. Cuireann an stáisiún traenáil ar fáil do chraoltóirí nua ar bhonn rialta. Bíonn Raidió Fáilte ag brath go mór ar dhíogras agus obair chrua na gcraoltóirí deonacha le sceideal fad-réimseach agus spéisiúil a sholáthar.



Raidió Fáilte
30 Sráid Dhubhaise,
Béal Feirste, BT12 4AL

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +44 (28) 90310013
Suíomh: www.raidiofailte.com
Ríomhphoist: eolas@raidiofailte.com

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Oifigí, 9:30r.n. - 5:30i.n.
Foirgneamh ar oscailt de réir riachtanas
Craoladh 24 uair a chloig

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ciorcail Chomhrá
- Seomraí Cruinnithe
- Caifé/Bialann
- Turais Threoraithe
- Spás Taispeántais
- Cúrsaí Traenála i Scileanna Craoltóireachta
- Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí
- Spás Oifige

Na Lárionaid GHAEILGE



# Ionad na Fuiseoige
## Aontroim

CÚLRA:
Is ionad pobal, cultúrtha agus teaghlaigh é Ionad na Fuiseoige atá lonnaithe i gcroílar phobal Chill Uaighe i gceantar Coiln i mBéal Feirste.

Cuireann Ionad na Fuiseoige réimse leathan seirbhísí ar fáil do dhaoine óga agus aosta: ranganna Gaeilge, club óige, naoínra, amharclann i measc roinnt mhaith eile.



TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: +44 (28) 90620373
Suíomh: www.ionadnafuiseoige.com
Ríomhphost: eolas@ionadnafuiseoige.com

UAIREANTA OSCAILTE:
Luan go hAoine, 8:00r.n. - 22:00i.n.
Sathain, 8:00r.n. - 2i.n.

Ionad na Fuiseoige
6 Bóthar Cnoc an tSamhraidh,
Béal Feirste, BT17 0RL

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Ciorcail Chomhrá
- Siopa Earraí Gaeilge
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Spás Taispeántais
- Ranganna Ceoil agus Amhránaíochta
- Clubanna Óige
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí
- Seomraí Cruinnithe
- Turais Threoraithe
- Seirbhísí Réamhscoilochta
- Ranganna do dhaoine fásta
- Amharclann
- Caifé/Bialann
- Spás Oifige

Ionad na Fuiseoige



@Ionadfuiseoige

Na Lárionaid GHAEILGE



# Ionad Teaghlaigh Ghleann Darach

## Aontroim

**CÚLRA:**

Is eagraíocht neamhchreidmheach é Ionad Teaghlaigh Ghleann Darach a bunaíodh in 2002 chun oideachas a chur chun cinn agus a spreagadh i ngach ábhar a bhaineann leis an Ghaeilge.

Ar a bharr sin tacaíonn siad le tuismitheoirí agus leis an mhórphobal teacht ar theanga agus ar chultúr na hÉireann. Tá an eagraíocht ag iarraidh raon seirbhísí do thuismitheoirí a leathnú, mar shampla grúpaí tuismitheoirí agus tachrán, naíolann agus cúram leanaí, áiseanna sóisialta do dhaoine scothaosta srl. Agus iad uilig ar fáil ar bhonn trasphobail.

Bíonn siad ag obair go dícheallach le leibhéil bhochtaineachta agus cruatain a bhíonn ag baill áitiúla den phobal a mhaolú trí sheirbhísí agus áiseanna a fhorbairt agus a sholáthar.

**TEAGMHÁIL:**

Uimhir fóin: +44 (28) 94452823
Suíomh: www.facebook.com/gleanndarach
Ríomhphost: info@itgd.ie

**UAIREANTA OSCAILTE:**

Luan go hAoine, 8:30r.n. - 9:30i.n.
Satharn agus Domhnach, 9:30r.n. - 4:00i.n.



Ionad Teaghlaigh Ghleann Darach
15F Bóthar Lann Ábhaigh,
Cromghlinn
BT29 4LA

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Ciorcail Chomhrá
- Seirbhísí Réamhscolaíochta
- Ranganna Ceoil agus Amhránaíochta
- Clubanna Óige
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Ranganna do dhaoine fásta
- Seomraí Cruinnithe
- Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí

Ionad Teaghlaigh Ghleann Darach

Na Lárionaid
GHAEILGE



# Aonach Mhacha
## Ard Mhacha

**CÚLRA:**
Sochfhiontair pobail atá in Aonach Mhacha a thugann le chéile roinnt eagraíochtaí Gaeilge agus cultúir le chéile faoin aon díon amháin i gcroílár chathair Ard Mhacha.

Chomh maith le ranganna Gaeilge agus eile, cuirfear clár leathan d'imeachtaí ealaíne, oidhreachta agus cultúrtha ar siúl sa lárionad, a bheas mar bhaile buan ag pobal na Gaeilge fá cheantar Ard Mhacha.



**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +44 (28) 3751 5229
Suíomh: www.aonachmhacha.com
Ríomhphost: info@aonachmhacha.com

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Luan go Satharn, 9:30r.n. - 5:00i.n.
Oscailte sa tráthnóna d'imeachtaí & ranganna

Aonach Mhacha
76 Sráid na nGall Uachtair,
Ard Mhacha, BT61 7LA

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Ciorcail Chomhrá
- Siopa Earraí Gaeilge
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Spás Taispeántais
- Turais Threoraithe
- Ranganna Ceoil agus Amhránaíochta
- Clubanna Óige
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí
- Seomraí Cruinnithe
- Seirbhís oiriúnaithe éadaí
- Seirbhísí meánscolaíochta
- Ranganna do dhaoine fásta
- Amharclann
- Caifé/Bialann
- Spás Oifige
- Gairdín Dín
- Seirbhísí Bunscolaíochta

Aonach Mhacha



@AMhacha

Na Lárionaid
GHAEILGE




# An Carn
## Doire

**CÚLRA:**
Is é Coiste Forbartha Charn Tóchair atá i bhfeighil an ionaid seo. Bunaíodh an Coiste in 1992 le hathghiniúint cheantar Charn Tóchair i gContae Dhoire a chur chun cinn. Tá athbheochan na Gaeilge sa cheantar lárnach d'éiteas an Choiste. San ionad é féin, tá siopa, amharclann, halla ilúsáide, seomraí cruinnithe agus comhdhála, chomh maith le dhá theach saoire féinfhreastail agus go leor eile ar fáil. Bíonn imeachtaí óige á soláthar ag Óige Charn Tóchair i rith na bliana ag spreagadh an aosa óg i dtreo na Gaeilge.



An Carn
132A Bóthar Thír Chiana,
Machaire Rátha, Co. Dhoire.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +44 (0)28 79549978
Suíomh: www.ancarn.org
Ríomhphost: eolas@ancarn.org

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Luan go hAoine, 9:00r.n. – 5:30i.n.
Satharn, 9:30r.n. – 4:30i.n.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Ciorcail Chomhrá
- Siopa Earraí Gaeilge
- Clubanna Óige
- Amharclann
- Caifé/ Bialann
- Turais Threoraithe
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Seisiúin Cheoil
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa
- Spás Taispeántais
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí

Na Lárionaid GHAEILGE



# Cultúrlann Uí Chanáin

## Doire

**CÚLRA:**

D'fhás An Gaeláras as craobh de chuid Chonradh na Gaeilge a bunaíodh sa bhliain 1983 i ndá sheomra i dTaobh an Bhogaigh. Bunaíodh an chraobh chun ranganna Gaeilge a chur ar fáil. Bhí an t-éileamh ar ranganna chomh mór sin gur bhog an chraobh chuig foirgneamh eile i 1988, áit a raibh siad mar thionónta go dtí gur ceannaíodh 34 Mórshráid Shéamais, i 1992. Osclaíodh Chultúrlann Uí Chanáinn i Mí Mheán an Fhómhair 2009 le hamharclann, caife, siopa, club óige, seomraí léachta agus ranga.



Cultúrlann Uí Chanáin,
37 Mórshráid Shéamais, Doire.

**TEAGMHÁIL:**

Uimhir fóin: +44 (0)2871 264 132
Suíomh: www.culturlann-doire.ie
Ríomhphoist: eolas@culturlann-doire.ie

**UAIREANTA OSCAILTE:**

Luan go Domhnach, 9:00r.n. - 5:00i.n.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Ciorcail Chomhrá
- Siopa Earraí Gaeilge
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Spás Taispeántais
- Turais Threoraithe
- Seomraí Cruinnithe
- Seisiúin Cheoil
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta
- Clubanna Óige
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Ranganna Gaeilge do Dhaoine Fásta
- Seirbhísí Réamhscolaíochta
- Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí
- Seirbhísí Bunscolaíochta
- Beár
- Caifé/Bialann
- Amharclann
- Spás Oifige
- Seirbhísí Meánscolaíochta

Na Lárionaid
GHAEILGE



# Gaeláras Mhic Ardghail
## An Dún

CÚLRA:
Sheol Craobh an Iúir de Chonradh na Gaeilge Gaeláras Mhic Ardghail ar 18 Feabhra 2013, i gcomhpháirtíocht le Comhairle an Iúir & Mhúrn, An Ciste Infheistíochta Gaeilge agus Comhaltas Uladh. Tá an Chraobh seo gníomhach sa cheantar le 120 bliain anuas.

Cuireann an t-áras áiseanna oideachais, cultúrtha agus sóisialta ar fáil do Ghaeilgeoirí an Iúir agus Mhúrn. Tá ranganna Gaeilge, halla d'imeachtaí, leabharlann agus go leor eile ar fáil ann.



Gaeláras Mhic Ardghail,
6b Sráid an tSéipéil Uacht.,
Iúr Chinn Trá, Co. an Dúin. BT34 2DS.

TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: +44 7769712313
Ríomhphost: gaelarasmhicardghail@gmail.com

UAIREANTA OSCAILTE:
Luan go hAoine, 9:30r.n. - 5:30i.n.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Spás Oifigí
- Spás Taispeántais
- Ciorcail Chomhrá
- Club Óige
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Seomraí Cruinnithe
- Turais Threoraithe
- Gairdín
- Seirbhísí meánscolaíochta

Gaeláras Mhic Ardghail

Na Lárionaid GHAEILGE




# Páirc na Mara, Conradh na Gaeilge
## An Dún

CÚLRA:
Bunaíodh Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar i 1981. Tá sé suite i bPáirc na Mara, a bhí ina mhuileann cruithneachta cois farraige tráth. Rinneadh athchóiriú air agus cuireadh leis, ar mhaithe leis an chuspóir sin, i 2015.
Bíonn ranganna, grúpaí tuismitheoirí agus tachráin, seisiúin cheoil agus imeachtaí eile ar siúl ann.
Tá Conradh na Gaeilge Boirche Íochtair ina fhiontair shóisialta anois agus bíonn gnólachtaí áitiúla lonnaithe i bPáirc na Mara.

TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: +44 (0)28 4376 8784
Suíomh: www.lowermournegaelic.com
Ríomhphost: boircheiochtar@gmail.com

UAIREANTA OSCAILTE:
Luan go hAoine, 9:00r.n. - 3:00i.n.
Oscailte sa tráthnóna agus ranganna/imeachtaí ar siúl



Páirc na Mara,
Bóthar na Glasdromann,
Áth na Long, Co. An Dúin.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa
- Ciorcail Chomhrá
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Spás Taispeántais
- Clubanna Óige
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Turais Threoraithe

Na Lárionaid
GHAEILGE




# Áislann Chill Chartha

## Dún na nGall

**CÚLRA:**
Bunaíodh an t-ionad pobail Áislann Chill Chartha i 1992. Tá sé mar sprioc ag an ionad áiseanna oideachais, traenála agus siamsaíochta a chur ar fáil do phobal Chill Chartha, i dteannta le cultúr, oidhreacht agus teanga na tíre a chur chun cinn.
Chomh maith leis sin, cuireann an t-ionad béim ar oideachas aosach agus feasacht sláinte. Tá réimse leathan d'áiseanna ar fáil san ionad, ó leabharlann go halla spóirt go cartlann phictiúr áitiúil.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)74 9738376
Suíomh: www.aislann.ie
Ríomhphost: eolas@aislann.ie

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Luan go hAoine, 8:00r.n. - 9:00i.n.



Áislann Chill Chartha,
Cill Chartha, Co. Dún na nGall.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Giom
- Ciorcail Chomhrá
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa
- Halla Snúcair
- Siopa Earraí Gaeilge
- Clubanna Óige
- Caifé/ Bialann
- Spás Taispeántais
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Amharclann

Áislann Chill Chartha



@Aislann_Kilcar

Na Lárionaid
GHAEILGE



# Áislann Rann na Feirste

## Dún na nGall

CÚLRA:

Is comhlacht pobalbhunaithe é Áislann Rann na Feirste a dhéanann freastal ar riachtanais an phobail, ó thaobh áiseanna, imeachtaí agus seirbhísí de. Feidhmíonn an Áislann mar lárionad chun tabhairt faoi gach gné d'fhorbairt phobail ar bhonn leanúnach.

I measc na n-áiseanna, tá naíonra, club óige, club sinsear, club obair bhaile, leabharlann taighde gaeilge, halla spóirt, cistin, seomraí ilfheidhmeacha, gairdín pobail agus seirbhísí aistriúcháin, ceartúcháin agus fótachóipeáil.



Áislann Rann na Feirste,
Rann na Feirste, Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.

TEAGMHÁIL:

Uimhir fóin: +353 (0)74 9562222
Ríomhphost: aislannrnaf@gmail.com
Suíomh: www.aislannrannnafeirste.ie

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan go hAoine, 9:30r.n. - 5:30i.n.

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Seisiúin Cheoil
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Ciorcail Chomhrá
- Clubanna Óige
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Siopa Earraí Gaeilge
- Turais Threoraithe
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa
- Spás Taispeántais
- Caifé/ Bialann
- Amharclann

Áislann Rann na Feirste

Na Lárionaid
GHAEILGE




# An Chrannóg

## Dún na nGall

Tá dhá Chomharchumann éagsúla lonnaithe sa Chrannóg. Bunaíodh Comharchumann na nOileán Beag i 1998 le hionadaíocht a dhéanamh ar oileáin Dhún na nGall. An dá sprioc atá ag an gComharchumann ná forbairt na nOileán agus cumasú na n-oileánach.

Bunaíodh Comharchumann Ghaoth Dobhair sa bhliain 1984. Bunaíodh coiste forbartha ar dtús agus b'as an gcoiste sin a d'fhás an Comharchumann. Ceannaíodh an sean-Cheardscoil i 1989 agus tá an Comharchumann ann ó 1992. Tá an t-ionad ag feidhmiú mar ionad Gaeilge, Oideachais agus Fiontair.



An Chrannóg,
Sraith na Corcra,
Na Doirí Beaga, Gaoth Dobhair,
Co. Dhún na nGall.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)74 9532208
Suíomh: www.crannog.ie
Ríomhphoist: cfgd@eircnom.net/ancaire@eircom.net

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Oifig: Luan go hAoine: 9r.n. - 5i.n.
Siopa: Luan go Sathairn: 10r.n. - 7i.n.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus Damhsa
- Spás Oifige
- Ciorcail Chomhrá
- Seomraí Cruinnithe
- Ríomharlann
- Spás Taispeántais
- Campaí Samhraidh do Pháistí



# Craoibhín
## Dún na nGall

CÚLRA:
Is ionad faoi úinéireacht an phobail é An Craoibhín sa Tearmann i nDún na nGall. Osclaíodh go hoifigiúil é i mí na Bealtaine 2009.
Tá ionad teaghlaigh, halla spóirt, ríomhlann agus go leor áiseanna eile ar fáil don phobal ann, idir óg agus aosta. Cuirtear ranganna Gaeilge agus campaí samhraidh do pháistí ar fáil ann chomh maith.



TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: +353 (0)74 9119988
Suíomh: www.craoibhintermon.town.ie
Ríomhphost: info@craoibhintermon.ie

UAIREANTA OSCAILTE:
Luan go hAoine, 8:00r.n. - 9:00i.n.

Craoibhín,
An Tearmann, Leitir Ceannainn,
Co. Dhún na nGall.

SEIRBHÍSÍ:
- Ranganna Gaeilge
- Seirbhísí Réamhscolaíochta
- Giom
- Seirbhísí bunscolaíochta
- Campaí Samhraidh do Pháistí

Craoibhin

Na Lárionaid
GHAEILGE



# Ionad Naomh Pádraig
## Dún na nGall

CÚLRA:
Tá Ionad Naomh Pádraig ag feidhmiú anois le 12 bhliain anuas agus é ag gabháil ó neart go neart. Ón lá a osclaíodh an t-ionad i 2006, freastalaítear go dílis ar dhaoine óga agus aosta, ó cheithre aird na paróiste agus níos faide ó bhaile, tríd an réimse leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí rathúla a chuirtear ar fáil ann, mar ranganna Gaeilge, grúpa tuismitheoirí agus linbh, Seomra Oidhreachta, ríomharlann, siopa carthanachta agus tuilleadh lena chois.

UAIREANTA OSCAILTE:
Luan go Déardaoin, 8.00r.n. - 10.00i.n.
Aoine, 8.00r.n. - 8.00i.n.
Dé Satharn,11.00r.n. - 2.00i.n.



Ionad Naomh Pádraig,
Dobhar Uachtarach, An Bun Beag,
Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.

TEAGMHÁIL:
Uimhir fóin: +353 (0)74 9532949
Suíomh: www.ionadnp.ie
Ríomhphost: ionadnp@eircom.net

SEIRBHÍSÍ:

| | | |
|---|---|---|
| Ranganna Gaeilge | Seisiúin Cheoil | Spás Oifige |
| Stiúideo Cuisle Ceoil | Ranganna Ceoil agus Amhránaíochta | Gairdín Poiblí |
| Siopa Carthanachta | Clubanna Óige | Ríomharlann |
| Bothán na mBan | Campaí Samhraidh do Pháistí | Turais Threoraithe |
| Spás Taispeántais | Grúpaí Tuismitheoirí agus Linbh | Zón na n-óg |

Ionad Naomh Pádraig Dobhar



@Ionadnp

Na Lárionaid
GHAEILGE




# Oideas Gael

## Dún na nGall

**CÚLRA:**

Bunaíodh Oideas Gael i 1984 agus tá na céadta duine, idir Éireannaigh agus eachtrannaigh, ag teacht go Gleann Cholm Cille ó shin le freastal ar a gcuid cúrsaí Gaeilge agus cláir chultúrtha.

Tá Foras Cultúir Uladh ina láthair d'imeachtaí Oideas Gael, áit ina bhfuil siopa earraí Gaeilge agus caifé chomh maith le ranganna Gaeilge, ceoil agus damhsa. Tá sé mar sprioc ag Oideas Gael freastal ar dhaoine fásta maidir le foghlaim, cleachtadh agus feabhsú na Gaeilge.



Oideas Gael,
Gleann Cholm Cille,
Co Dhún na nGall

**TEAGMHÁIL:**

Uimhir fóin: +353 (0)74 9730248
Ríomhphost: oifig@oideasgael.ie
Suíomh: www.oideasgael.ie

**UAIREANTA OSCAILTE:**

Meitheamh go Lúnasa: Luan go hAoine, 9:00r.n. - 6:00i.n.
Mean Fómhair go Bealtaine: Luan go hAoine, 9:00r.n. - 5:00i.n.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Spás Taispeántais
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta agus/nó Damhsa
- Caifé/ Bialann
- Siopa Earraí Gaeilge
- Ríomhlann

Na Lárionaid
GHAEILGE




# An tSean Bheairic

## Dún na nGall

**CÚLRA:**
Tógadh an tSean Bheairic i dtús báire sa bhliain 1890 mar Bheairic Phéas an Fháil Charraigh. Mhair sé mar sin go dtí gur haistríodh anonn chuig na Gardaí Síochána é sa bhliain 1920.

Sa lá atá inniu tá An tSean Bheairic ina chuisle Ghealach ar bhaile an Fháil Charraigh, le caifé bríomhar, siopa céardaíochta, ionad oidhreachta agus turasóireachta, chomh maith le hamharclann agus seomraí ilfheidhmeach.



An tSean Bheairic,
An Fálcarrach, Co. Dhún na nGall.

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)74 9180655
Suíomh: www.antseanbheairic.com
Ríomhphoist: falcarraghvisitorcentregmail.com

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Luan go hAoine: 10:00r.n. - 5:00i.n.,
Satharn: 10r.n. - 4:00i.n.

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Spás Taispeántais
- Caifé/Bialann
- Ciorcail Chomhrá
- Ranganna Ceoil & Amhránaíochta
- Seomraí Cruinnithe
- Amharclann
- Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí
- Spás Oifige
- Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí
- Siopa Earraí Gaeilge

Falcarragh Visitor Centre,
An tSean Bheairic



@antseanbheairic

Na Lárionaid
GHAEILGE



# Ionad an Chrois Bhealaigh
## Dún na nGall

**CÚLRA:**
Bunaíodh Comharchumann Forbartha & Fostaíochta Árainn Mhóir in Ionad Pobail Árainn Mhóir sa bhliain 2001 agus an phríomhaidhm atá aige ná forbairt chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíochta an Oileáin.

Cuirtear áiseanna oideachais, traenála, siamsaíochta agus fostaíochta ar fáil do mhuintir an Oileáin chomh maith le réimse leathan áiseanna do na oileánaigh agus cuairteoirí.



Ionad an Chrois Bhealaigh,
Fál an Ghabhainn, Árainn Mhóir,
Dún na nGall, F92 YT52

**TEAGMHÁIL:**
Uimhir fóin: +353 (0)74 9520024
Suíomh: www.arainnmhor.com
Ríomhphoist: development@arainnmhor.com

**UAIREANTA OSCAILTE:**
Luan go hAoine: 9:00r.n. - 9:00i.n

**SEIRBHÍSÍ:**

- Ranganna Gaeilge
- Spás Taispeántais
- Giom
- Ciorcail Chomhrá
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Seomraí Cruinnithe
- Siopa Leabhar Gaeilge
- Ranganna Ceoil & Amhránaíochta
- Spás Oifige
- Grúpaí Tuistí agus Leanaí
- Club Óige
- Turais Threoraithe

Na Lárionaid GHAEILGE



# Áras Ros Goill
## Dún na nGall

CÚLRA:

Cuireadh Céim Aniar ar bun sa bhliain 2001. Is é an sprioc a bhí agus atá ag Céim Aniar ná an Ghaeilge a tharrtháil agus a chothú i gceantar Ros Goill. Tá oifig ag Céim Aniar in Ionad Acmhainne Mhíobhaigh agus oibríonn lucht oibre an eagrais leis na teaghlaigh sa pharóiste.

Bíonn os cionn trí scór pháistí ag freastal ar na himeachtaí a chuireann Céim Aniar ar fáil i ndiaidh am scoile sa Choláiste agus in Ionad CLG na Dúnaibh. Bíonn ranganna Gaeilge a reáchtáil san oifig i rith na bliana fosta.

TEAGMHÁIL:

Uimhir fóin: +353 (0)74 9154830
Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net

UAIREANTA OSCAILTE:

Luan go hAoine, 10:00r.n. - 5:00i.n.



Céim Aniar,
Áras Ros Goill,
Na Dúnaibh,
Dún na nGall

SEIRBHÍSÍ:

- Ranganna Gaeilge
- Seomraí Cruinnithe
- Ranganna Ceoil, Amhránaíochta
- Campaí Samhraidh do Pháistí
- Ranganna do dhaoine fásta
- Seirbhísí bunscolaíochta

Céim Aniar Teo

# Conradh na Gaeilge

Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge.

Saothraíonn an eagraíocht ar son phobal labhartha na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Tá níos mó ná 200 craobh ag an gConradh agus tá breis is 30 lárionad Gaeilge fud fad na hÉireann.

## Príomhréimsí Oibre an Chonartha

Abhcóideacht

Oideachas

Cumasú pobail

Ionadaíocht

Ardú feasachta

Siamsaíocht/Féilte

Foras na Gaeilge

Tuilleadh eolais ar fáil ó eolas@cnag.ie

Breis eolais faoi céard is Lárionad Gaeilge ann & eolas eile ar fáil ó

peig.ie

POBAL • EOLAS • ILMHEÁIN • GAEILGE

peig.ie/larionaid

Na Lárionaid GHAEILGE

á éascú ag: Conradh na Gaeilge

urraithe ag: Foras na Gaeilge

Más maith leat lárionad a chlárú leis an ngréasán, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn.

larionaid@cnag.ie +353 (0)1 475 7401


Tá Nuachtlitir WhatsApp ag PEIG.ie

An chéad fhóram eile le teacht ar nuacht an lae

Cláraigh trí theachtaireacht WhatsApp a chur chuig

+353 83 349 3635

leis an bhfocal 'Tosaigh'